.

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO**
**SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE**

---

# AN SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
# OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
**EARRACH, 2024**

---

## TRIAIL CHLUASTUISCEANA
## TÉACS NA MÍREANNA

Na giotaí sa triail chluastuisceana seo,
tá siad curtha in oiriúint ó ghiotaí a foilsíodh ag:
http://www.tuairisc.ie; https://gleg.ie/; https://gaeloideachas.ie;
https://www.into.ie/media-centre/publications/intouch/;
https://peig.ie/; https://ogayoga.ie/

**Treasa:**

Institiúid Oideachais Marino, 2024.

An Cháilíocht sa Ghaeilge.

Triail Chluastuisceana.

Leanfaidh an triail seo ar feadh beagnach uair an chloig. Iarrtar ort éisteacht leis na giotaí cainte ar fad agus leis na treoracha a chloisfidh tú ar an téip.

Tá trí roinn sa triail: Roinn A: Fógraí
Roinn B: Comhráite
Roinn C: Míreanna Nuachta

Tá na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le gach ceann de na trí roinn sin, clóbhuailte ar do pháipéar scrúdaithe.

**[Bleep]**

Roinn A: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn A.

**[Bleep]**
**[30 seconds gap]**
**[Bleep]**

## Treasa: Fógra 1

**(Canúint na Mumhan)**

**Áine:**

Fógra anseo ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST). Tá acmhainn nua curtha le chéile ag ár bhFoireann Sláinte agus Folláine Bunscoile. *Tarraing Anáil* is ainm don acmhainn agus tá sí lán le teicnící féinrialúcháin agus suaimhnis do leanaí. Tá an acmhainn dírithe ar mhúinteoirí ach beidh tuismitheoirí in ann í a úsáid, freisin, lena leanaí.

Léiríonn taighde go gcabhraíonn teicnící análaithe le daoine dul i ngleic le himní, le fearg agus le teannas. Nuair a bhíonn leanaí ar an eolas maidir le teicnící análaithe bíonn siad in ann iad a úsáid i gcúinsí dúshlánacha éagsúla i rith a saoil.

Tá teicnící san acmhainn seo do leanaí de gach aois. Cabhróidh an acmhainn le leanaí cleachtais análaithe laethúla a fhorbairt, gheobhaidh siad tuiscint níos fearr ar a gcuid mothúchán agus beidh siad in ann na teicnící a úsáid chun a scíth a ligean agus chun síocháin a aimsiú. Is féidir tuilleadh eolais a fháil trí ríomhphost a chur chuig CiaraDelaney@pdst.ie nó is féidir an áis iomlán a íoslódáil ó www.pdst.ie

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Repeat above text]**

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

# **Treasa:** Fógra 2

**(Canúint Chonnacht)**

**Seosamh:**

Fógraíonn Comhar Naíonraí na Gaeltachta (CNNG) go bhfuil folúntas lánaimseartha acu do Riarthóir Cumarsáide.

Duine fuinniúil agus díograiseach atá ag teastáil agus cuirfear traenáil ar fáil don té a cheapfar. Fáilteofar roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil cáilíochtaí tríú leibhéal acu i réimse na cumarsáide. Tá líofacht agus cruinneas, ag caighdeán an-ard, i labhairt agus i scríobh na Gaeilge riachtanach don phost seo.

Beidh an té a cheapfar ag obair go lánaimseartha ó Luan go hAoine in Oifig CNNG ar an gCeathrú Rua. Tá tuilleadh eolais agus dualgais an phoist ar fáil ag www.cnng.ie. Más mian leat cur isteach ar an bpost, seol litir iarratais agus CV cuimsitheach trí ríomhphost amháin chuig eolas@cnng.ie  roimh an dara lá de mhí na Bealtaine.

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Repeat above text]**

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

## **Treasa:** Fógra 3

**(Canúint Uladh)**

**Muiris:**

Fógra anseo ó Foras na Gaeilge. Tá pacáiste nua ar fáil do mhúinteoirí a chuideoidh leo an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhealach spreagúil taitneamhach i scoileanna lán-Bhéarla. Tá neart áiseanna spéisiúla sa phacáiste idir chluichí, phóstaeir agus chomharthaí deasa agus tá liosta de smaointe ann fosta a chuideoidh le múinteoirí imeachtaí scoile a eagrú as Gaeilge.

Ar an liosta sin, mar shampla, cuirtear i gcuimhne do mhúinteoirí go bhfuil go leor leabhar galánta Gaeilge ar fáil do dhaoine óga agus do pháistí agus gur féidir iad a ordú ag www.siopaleabhar.com. Cuirtear i gcuimhne do mhúinteoirí, fosta, go mbíonn Seó Bóthair ag dul timpeall ó scoil go scoil achan bhliain agus nach bhfuil le déanamh ach an seó a chur in áirithe ar líne.

Más mian leat an pacáiste a ordú do do sheomra ranga, cuir ríomhphost chuig eolas@forasnagaeilge.ie.

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Repeat above text]**

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Bleep]**

**Treasa:**

Roinn B: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn B.

**[Bleep]**

**[30 seconds gap]**

**[Bleep]**

## Treasa: Comhrá I
## (Canúint na Mumhan)

Seán: (Tomás) Dia duit, a Aisling. Ní fhaca mé thú le fada. Conas tánn tú?

Aisling: (Áine) Dia is Muire duit, a Sheáin. Táim go breá ar fad, go raibh maith agat. An bhfaca tú go bhfuair Shane MacGowan bás le déanaí?

Seán: Chonaic mé é sin. Suaimhneas síoraí dó. Nach raibh sé go hiontach gur tháinig na mílte amach chuig a shochraid san Aonach i gContae Thiobraid Árann?

Aisling: Níor chuir sé sin aon ionadh orm. Bhí an-mheas ag muintir na hÉireann air mar chumadóir amhrán.

Seán: Ba shárchumadóir amhrán é. Tá na liricí a chum sé an-chumhachtach.

Aisling: Is dócha gurb é *A Rainy Night in Soho* an t-amhrán dá chuid is fearr liomsa.

Seán: Taitníonn an ceann sin liomsa freisin ach is é *Fairytale of New York* an ceann is ansa liomsa!

Aisling: Is cuimhin liom an ceann sin a chloisteáil oíche amháin díreach roimh an Nollaig nuair a bhí mé ag múineadh i Londain. Chuir sé cumha i ndiaidh an bhaile orm láithreach!

Seán: Bhí tuiscint an-mhaith ag Shane ar shaol na n-imirceach thar lear.

Aisling: Bhí. Nár rugadh é in Kent Shasana?

Seán: Tá an ceart agat ach chaitheadh sé na laethanta saoire i dTiobraid Árann le muintir a mháthar.

Aisling: Is dócha go raibh tionchar ag an dá chultúr air.

Seán: Bhí, ach thug sé tús áite i gcónaí do chultúr na hÉireann. Is cuimhin liom é ag rá ar agallamh raidió uair amháin gur cuireadh ina luí air agus é ag fás aníos gur Éireannach seachas Sasanach a bhí ann!

Aisling: Tá sé sin an-shuimiúil! Is cailliúint mhór é anois, ar aon nós, don cheol Éireannach.

**[Bleep]**
**[45 seconds gap]**
**[Bleep]**
**[Repeat above text]**
**[Bleep]**
**[45 seconds gap]**
**[Bleep]**
**[Repeat above text]**
**[Bleep]**
**[45 seconds gap]**
**[Bleep]**

**Treasa: Comhrá 2**
**(Canúint Chonnacht)**

| | |
|---|---|
| Bríd: (Treasa) | Dia duit, a Phádraig. Cén chaoi a bhfuil tú? |
| Pádraig: (Seosamh) | Táim go han-mhaith, a Bhríd. Cén chaoi a bhfuil tú féin? |
| Bríd: | Táimse go breá! An raibh Cáisc dheas agat? |
| Pádraig: | Bhí, go raibh maith agat. Rinne mé dinnéar mór don chlann go léir Domhnach Cásca agus bhí sé go hiontach slua mór a fheiceáil timpeall an bhoird. |
| Bríd: | Agus céard a bhí ar an mbiachlár, a Phádraig? |
| Pádraig: | Fuair mé oideas an-mhaith ar líne. B'oideas é d'uaineoil rósta a scríobh úinéir an chaifé cháiliúil, Pota, i gConamara. |
| Bríd: | Caithfidh go raibh sé sin go hálainn. Is breá liom an caifé sin. Téim ann uair sa mhí le mo dheirfiúr. |
| Pádraig: | Bhuel! Lean mé an t-oideas go mion agus caithfidh mé a rá go raibh an toradh an-bhlasta. Oideas simplí a bhí ann i ndáiríre, a Bhríd. Ní raibh ag teastáil ach trí chileagram d'uaineoil Chonamara, gairleog, prátaí, piseanna, uachtar, ola chócaireachta, salann agus piobar. |
| Bríd: | Agus cá fhad a bhí ort é a fhágáil san oigheann? |
| Pádraig: | Chuir mé isteach san oigheann é ar a deich a chlog, maidin Dé Domhnaigh, agus bhí sé réidh ar a haon a chlog. |
| Bríd: | Bail ó Dhia ort, a Phádraig, caithfidh go raibh sé sin go hálainn ar fad! Agus an raibh milseog agaibh? |
| Pádraig: | Bhí. Thug m'iníon císte cáise sútha talún léi. Bhí sé breá éadrom agus milis. |
| Bríd: | Ó! Tá ocras orm anois! Beidh orm na comhábhair a fháil ar mo bhealach abhaile agus triail a bhaint as amárach! An gcuirfidh tú nasc chuig an oideas chugam ar *WhatsApp*? |
| Pádraig: | Cuirfidh go cinnte, a Bhríd, agus go n-éirí leis an gcócaireacht! |

**[Bleep]**
**[45 seconds gap]**
**[Bleep]**
**[Repeat above text]**
**[Bleep]**
**[45 seconds gap]**
**[Bleep]**
**[Repeat above text]**
**[Bleep]**
**[45 seconds gap]**
**[Bleep]**

## Treasa: Comhrá 3
## (Canúint Uladh)

Pól: (Muiris) Cad é mar atá tú a Mhoya?

Moya: (Caitlín) Táim ar dóigh, a Phóil, go raibh maith agat. Nach bhfuil sé go hiontach go bhfuil an samhradh ag druidim linn?

Pól: Tá sé go hiontach. Is breá liom an t-am seo den bhliain. Bíonn achan rud faoi bhláth agus beidh na laethanta saoire againn go luath!

Moya: Ba bhreá liom cúpla rud deas a dhéanamh le mo rang ar théama an tsamhraidh. An bhfuil aon smaointe agat?

Pól: Cén rang atá agat?

Moya: Tá na Naíonáin Shinsearacha agam i mbliana.

Pól: Bhuel! Tá leabhrán an-deas ar fáil: *An Samhradh sa Naíonra* is ainm dó. Cé go bhfuil sé dírithe ar naíonraí, bheadh sé oiriúnach do pháistí i ranganna na naíonán, fosta.

Moya: Agus cad é an saghas leabhráin é, a Phóil?

Pól: Is leabhrán é atá lán le gníomhaíochtaí spraíúla agus le hamhráin do pháistí.

Moya: Bheadh sé sin ar dóigh. Is breá le mo rang a bheith ag canadh.

Pól: Úsáidim ceann amháin de na hamhráin – ‘Rap an tSamhraidh’ – le mo rang féin. Is bealach an-taitneamhach é sin chun an teanga a bhaineann le haimsir agus le héadaí an tsamhraidh a mhúineadh.

Moya: Caithfidh mé an leabhrán sin a cheannach.

Pól: Ní bheidh ort é a cheannach, a Mhoya, tá sé ar fáil saor in aisce ar líne. Is é www.samhradhsanaíonra.ie an nasc agus tchífidh tú ansin gur féidir éisteacht le hachan amhrán ar *YouTube* fosta.

Moya: Tá sé sin go hiontach. Beidh orm é sin a aimsiú níos déanaí!

**[Bleep]**
**[45 seconds gap]**
**[Bleep]**
**[Repeat above text]**
**[Bleep]**
**[45 seconds gap]**
**[Bleep]**
**[Repeat above text]**
**[Bleep]**
**[45 seconds gap]**
**[Bleep]**
**[Bleep]**

**Treasa:**

Roinn C: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn C

**[Bleep]**
**[30 seconds gap]**
**[Bleep]**

**Treasa: Mír Nuachta 1**

**(Canúint na Mumhan)**

**Tomás:**

Léiríonn staitisticí go bhfuil méadú suntasach tagtha, le ceithre bliana anuas, ar líon na mac léinn iarbhunscoile a fhaigheann díolúine ó staidéar na Gaeilge gach bliain. Tugadh isteach córas nua sa bhliain dhá mhíle agus a naoi déag agus cuireadh an fhreagracht ar phríomhoidí díolúintí ón nGaeilge a cheadú i gcás deacrachtaí foghlama a bheith ag mic léinn. Roimhe sin, bhíodh ar mhic léinn teastas a fháil ó shíceolaí oideachais gairmiúil chun díolúine a fháil. Faoin sean-chóras bhíodh díolúintí á mbronnadh ar shé mhíle mac léinn in aghaidh na bliana. Faoin gcóras nua, bronntar díolúine ar os cionn naoi míle mac léinn in aghaidh na bliana.

Agus é ag labhairt le *Tuairisc.ie* aréir, dúirt an tOllamh Pádraig Ó Duibhir, Iar-Stiúrthóir, Sealbhú, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil ábhar roghnach á dhéanamh ag an Roinn Oideachais den Ghaeilge agus gur chóir tionól saoránach a reáchtáil ar cheist na Gaeilge sa stát. Dúirt Julian de Spáinn, Ard-Rúnaí, Conradh na Gaeilge, go bhfuil sé scannalach go bhfaigheann líon mór mac léinn díolúine ón nGaeilge mar ábhar.

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Repeat above text]**

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

## **Treasa:** Mír Nuachta 2

**(Canúint Chonnacht)**

**Treasa:**

Ag searmanas speisialta in Óstán an *Hardiman*, i nGaillimh, aréir, d'fhógair an Comhairleoir Clodagh Higgins, Méara Chathair na Gaillimhe, gurb í Eaglais Choláisteach San Nioclás buaiteoir Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh don bhliain seo. Aithníonn Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh eagraíochtaí a chuireann an Ghaeilge chun cinn i gcathair na Gaillimhe. Is í *Gaillimh le Gaeilge*, le tacaíocht ó *TG4*, a eagraíonn an Gradam.

Is séipéal Anglacánach í Eaglais Choláisteach San Nioclás atá seacht gcéad bliain d'aois agus atá lonnaithe i lár na cathrach. Tagann cuairteoirí ó chian agus ó chóngar chun cuairt a thabhairt ar an séipéal gach lá.

Ag an searmanas aréir, dúirt Lynda Peilow, Reachtaire an tSéipéil, go bhfuil áthas an domhain uirthi glacadh leis an nGradam. Dúirt sí go bhfuil sí bródúil go bhfuil béim mhór curtha ar an nGaeilge i liotúirgí na heaglaise le cúpla bliain anuas.

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Repeat above text]**

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

## **Treasa: Mír Nuachta 3**

### **(Canúint Uladh)**

Caitlín:

In agallamh do Nuacht TG4 inniu, ghabh Bláthnaid Ní Ghréacháin, Príomh-Fheidhmeannach, Gaeloideachas, buíochas leis na múinteoirí agus na tuismitheoirí go léir a d'fhreastail ar Thionól Forbartha fiche fiche is a trí, tionól a d'eagraigh Gaeloideachas i gcomhpháirt leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG).

Bhí an Tionól ar siúl in Óstán an *Slieve Russell*, Contae an Chabháin agus ba thionól fíor-speisialta é toisc Gaeloideachas a bheith ag comóradh caoga bliain ar an bhfód. Féachaint siar agus féachaint ar aghaidh a bhí ann agus bhí rogha leathan de chainteanna agus de cheardlanna ar ghnéithe éagsúla den oideachas trí mheán na Gaeilge curtha ar fáil do na rannpháirtithe.

Dúirt Bláthnaid Ní Ghréacháin gur chuir an tUachtarán, Micheál D. Ó hUigínn teachtaireacht álainn chuig Gaeloideachas inar thréaslaigh sé a shaothar le Gaeloideachas agus inar luaigh sé go háirithe na seirbhísí tacaíochta atá curtha ar fáil ag Gaeloideachas do na scoileanna lán-Ghaeilge le caoga bliain anuas.

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Repeat above text]**

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Bleep]**

**Treasa:**

**Tá an triail thart anois. Go raibh maith agaibh.**